C/2026/1837

23.3.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/1837)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Côtes de Thau’

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-A1229-AM02 — 23.12.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Côtes de Thau’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán tionscnamh faoi chosaint (ATFC)

☒ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Dá bhrí sin, ní mheastar gur leasuithe ar leibhéal an Aontais iad na leasuithe de réir bhrí Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143. Go sonrach:

(a) níl i gceist leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar na táirgí nó ar na catagóirí táirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtuairiscítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Cineálacha fíniúna

Tuairisc

Leasaíodh Caibidil I, roinn 5 – Cineálacha fíniúna – den tsonraíocht le haghaidh an táisc gheografaigh faoi chosaint ‘Côtes de Thau’. Leasaíodh an liosta cineálacha roghnaithe le haghaidh tháirgeadh an táisc gheografaigh faoi chosaint ‘Côtes de Thau’ mar a leanas:

— Tugadh isteach 17 gcineál a mheastar a bheith ‘frithsheasmhach’ in aghaidh galair fíniúna:

Artaban N, Bronner B, Cabernet blanc B, Cabernet Cortis N, Floreal B, Johanniter B, Monarch N, Muscaris B, Pinotin N, Prior N, Saphira B, Sauvignac B, Solaris B, Soreli B, Souvigner gris B, Vidoc N agus Voltis B.

Tá saintréithe fiseolaíocha agus fíoneolaíocha acu atá cosúil leis na cineálacha a úsáidtear i dtáirgeadh fhíonta an TGFC, agus tá na cineálacha sin frithsheasmhach in aghaidh galair fhungasacha agus laghdaíonn siad an gá atá le táirgí cosanta plandaí. Ní dhéanann siad difear do shaintréithe fhíonta an TGFC.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Lipéadú

Tuairisc

Leasaíodh Caibidil I, roinn 8 den tsonraíocht táirge – Rialacha maidir le lipéadú – chun nach sonraítear ach an cineál fíniúna ‘Piquepoul’, chomh maith le haonaid gheografacha níos lú, ar na lipéid fíona.

Simplíodh an fhoráil sin chun an cineál fíniúna ‘Piquepoul’ amháin a chumhdach, agus ní chun gach cineál fíniúna den TGFC a chumhdach a thuilleadh. Is amhlaidh atá toisc gurb é an cineál fíniúna ‘Piquepoul’ amháin a d’fhéadfadh mearbhall a chur ar thomhaltóirí idir lipéadú ar a bhfuil an cineál fíniúna ‘Piquepoul’ faoin TGFC ‘Côtes de Thau’, agus lipéadú ar a bhfuil an ATFC ‘Picpoul de Pinet’, toisc go ndéantar na táirgí sin i limistéir táirgeachta atá an-ghar dá chéile.

Leis na rialacha lipéadaithe sin, is féidir le tomhaltóirí ar bhealach níos éasca ainm an TGFC ‘Côtes de Thau’ a shainaithint maidir le hainm an chineáil fíniúna agus an aonaid gheografaigh fhorlíontaigh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Comhlacht cigireachta

Tuairisc

Leasaíodh Caibidil III den tsonraíocht le haghaidh an táisc gheografaigh faoi chosaint ‘Côtes de Thau’ chun an roinn dar teideal ‘Comhlacht cigireachta’ a shimpliú, ag sonrú nach mór comhlíontacht leis an tsonraíocht táirge a sheiceáil ar bhonn plean rialaithe formheasta agus trí chomhlacht tríú páirtí tarmligthe ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) agus ráthaíochtaí maidir le hinniúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas a thairiscint.

Ní dhéanann an simpliú sin difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

‘Côtes de Thau’

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-A1229-AM02 — 23.12.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Côtes de Thau’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **An tír ina bhfuil an limistéar geografach sainithe**

an Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear iad i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. *Tuairisc anailíseach*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ní féidir an tásc geografach faoi chosaint ‘Côtes de Thau’ a úsáid ach amháin i gcás fíonta socra agus i gcás fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, iad dearg, *rosé* nó geal.

Na leibhéil íosta agus na leibhéil uasta le haghaidh neart alcóil iomlán de réir toirte, aigéadacht iomlán, aigéadacht luaineach agus dé-ocsaíd sulfair, is éard atá iontu na leibhéil siúd a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais.

De mhaolú air sin, na fíonta a bhfuil méid siúcra choipthigh (fruchtós agus glúcós) 45 ghram in aghaidh an lítir ar a laghad iontu, is in ordú comhpháirteach ón Aire Gnóthaí Tomhaltóirí agus ón Aire Talmhaíochta a leagtar síos a gcion aigéadachta luainí.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Tuairisc orgánaileipteach*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Thar aon ní eile, is iad saintréithe na bhfíonta socra a tháirgtear dea-bholadh láidir agus cothromaíocht blasanna a bhfuil an úire mar bhonn fúithi. Bíonn na fíonta geala gealbhuí gléineach ar dath geal-órga é. Mionbhlasanna citris is mó a fhaightear nuair a bhlaistear den chéad uair díobh, mar aon le neart úire. An t-iarbhlas a thagann chun cinn, bíonn mionbhlasanna citris agus/nó andúchasach nó aimileach air. Iarbhlas fada is ea é a mbíonn rian mianraí le brath air uaireanta.

Bíonn cuma ghléghlan ar na fíonta *rosé* agus bíonn imireacha sa raon idir dath éadrom na péitseoige agus imireacha chorcairghorma orthu. Bíonn dea-bholaithe fíneálta mín torthaí dearga orthu ó thaobh bolaidh de. Sa bhéal, bíonn siad láidir spleodrach a ngabhann dea-bholaithe caor dearg leo nuair a bhlaistear den chéad uair díobh ach bíonn iarbhlas milseán bruite orthu uaireanta. Is iondúil go maireann siad i bhfad sa bhéal, agus is taitneamhach an úire a bhíonn uathu.

Bíonn dath dorcha ar na fíonta dearga lena ngabhann imireacha láidre. Bíonn siad láidir ó thaobh bolaidh de agus bíonn dea-bholaithe torthaí dearga agus *garrigues* na háite orthu. Sa bhéal, léirítear gur fíon bog úr é go príomha atá bunaithe ar thorthaí aibí.

Sna fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, faightear bolgáin mhíne ghalánta, úire thaitneamhach agus dea-bholadh a mheabhraíonn bláthanna nó torthaí, ag brath ar na cineálacha fíniúna atá sa chumasc.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ní mór do na cleachtais fhíoneolaíocha cloí le hoibleagáidí an Aontais agus leis na hoibleagáidí sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um an Iascaireacht Mhuirí.

7.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíonta socra *rosé* agus geala agus fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán

120 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta dearga socra agus fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán

110 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

Alicante Henri Bouschet N

Alphonse Lavallée N

Altesse B

Aramon N

Aramon blanc B

Aramon gris G

Aranel B

Arinarnoa N

Artaban N

Auxerrois B

Baco blanc B

Bronner B

Cabernet blanc B

Cabernet Cortis N

Cabernet franc N

Cabernet-Sauvignon N

Caladoc N

Cardinal Rg

Carignan N

Carignan blanc B

Carmenère N

Chardonnay B

Chasan B

Chenanson N

Chenin B

Clairette B

Clairette rose Rs

Clarin B

Colombard B

Counoise N

Egiodola N

Floreal B

Gamay N

Gamay de Chaudenay N

Gewurztraminer Rs

Grenache N

Grenache blanc B

Grenache gris G

Gros Manseng B

Johanniter B

Lledoner pelut N

Marsanne B

Marselan N

Mauzac B

Merlot N

Meunier N

Monarch N

Muscadelle B

Muscardin N

Muscaris B

Négrette N

Parrellada B

Petit Manseng B

Petit Verdot N

Pinot gris G

Pinot noir N

Pinotin N

Piquepoul blanc B

Piquepoul gris G

Piquepoul noir N

Portan N

Prior N

Riesling B

Roussanne B

Saphira B

Sauvignac

Savagnin rose Rs

Sciaccarello N

Semillon B

Servant B

Seyval B

Solaris B

Soreli B

Souvignier Gris Rs

Sylvaner B

Tannat N

Tempranillo N

Terret Blanc B

Terret gris G

Terret noir N

Ugni blanc B

Verdelho B

Vidoc N

Villard blanc B

Villard noir N

Viognier B

Voltis B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach críochaithe**

Maidir leis na fíonta a bhaineann leas as an TGFC ‘Côtes de Thau’, is ar chríoch na mbardas seo a leanas de chuid roinn Hérault a dhéantar na fíonchaora a bhuain, an fhíonóireacht agus táirgeadh na bhfíonta:

Agde, Balaruc-les-Bains, Balaruc-le-Vieux, Bouzigues, Castelnau-de-Guers, Florensac, Frontignan, Loupian, Marseillan, Mèze, Pinet, Pomerols, Poussan, Sète, Villeveyrac.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Áirítear 15 bhardas de chuid roinn Hérault i limistéar an TGFC ‘Côtes de Thau’, ar bardais iad atá leagtha amach i leathchiorcal thart timpeall Mhurlach Thau.

Mar gheall ar an Meánmhuir, na murlaigh, na tránna agus an scrobarnach, tá timpeallacht nádúrtha faoi leith ann atá ina mbunús le geilleagar agus le modh maireachtála. Is saintréith den tírdhreach agus den aeráid é Murlach Thau. Déantar é a dheighilt ón Meánmhuir le tírghné chúng ar a dtugtar *lido* sa Fhraincis, ar a gcuirtear fíniúnacha. Is ar raon idir dúrabhán gainmheach agus cré ghainmheach atá na hithreacha. Bíonn siad measartha domhain, mín go hiondúil, gan mórán cloch iontu agus is idir dearg agus béas an dath a bhíonn orthu. Is saintréith den aeráid báisteach sách trom san fhómhar agus sa gheimhreadh agus bíonn báisteach an tsamhraidh gann ach garbh anois agus arís. Cuireann leoithní farraige cúiteamh ar fáil, áfach, tríd an ngalú a laghdú agus trí theorainn a chur leis an strus maidir le huisce. Titeann thart faoi 600 mm de bháisteach in aghaidh na bliana. Is éard atá i Murlach Thau, i ndáiríre, muir thalamhiata atá 20 ciliméadar ar fad. Tá a thionchar ríthábhachtach.

Maolaíonn an timpeallacht uisceach aeráid chrua na Meánmhara le teochtaí séimhe a théann chun tairbhe go háirithe d'aibiú cineálacha fíniúna gile.

Tá dlúthnasc idir an oidhreacht nádúrtha sin agus sócmhainní eacnamaíocha an limistéir, go háirithe fíonsaothrú, dobharshaothrú sliogéisc, iascaireacht agus turasóireacht atá dírithe, mar shampla, ar shnámh san fharraige, ar spánna nó ar an dúlra.

Tá treochtaí tomhaltóirí ag forbairt i bhfabhar fíonta geala úra agus torthaíocha. Oireann *terroir* fhíonta 'Côtes de Thau' go háirithe do tháirgeadh an chineáil sin fíona. Tá dálaí aeráide agus ithreach ar fáil sa limistéar geografach sin lenar féidir cineálacha fíniúna gile a aosú go mall.

Bíonn na fíonta socra a tháirgtear ar chríoch an TGFC 'Côtes de Thau' ar fáil i dtrí dhath: geal, *rosé* agus dearg. Tá traidisiún seanbhunaithe déanta fíonta geala tirime sa réigiún sin. Go deimhin, tá an TGFC 'Côtes de Thau' ar cheann den bheagán a tháirgeann níos mó fíonta geala ná fíonta dearga.

Ba é Terret B an cineál fíniúna is mó riamh. Mar sin féin, tá cineálacha fíniúna eile ann freisin ó chodanna éagsúla den Fhrainc, lenar féidir feabhas mór a chur ar dhea-bholadh agus ar cháilíocht na bhfíonta.

Is áit í Côtes de Thau a mbaineann traidisiún ársa léi agus is saintréith le fada an lá de chuid fhíonghoirt na háite go bhfuil siad dírithe ar fhíonta geala a tháirgeadh. Agus iad suite thart timpeall Mhurlach Thau, baineann siad leas as suíomh agus as aeráid na Meánmhara atá iontach buntáisteach chun fíniúnacha a shaothrú. Is meascán de ghaineamh, dúrabhán, cré agus aolchloch iad na hithreacha, agus is minic a bhíonn siad tréscaoilteach. Leis sin, is féidir leis na fíniúnacha fréamhacha doimhne a chur síos agus an tráth céanna dea-bholadh torthaí agus úire a thabhairt do na fíonta.

Stiúir na fíonsaothraithe an táirgeadh sin i dtreo fíonta úra cumhra, agus leas á bhaint as an teicneolaíocht nua-aimseartha uile i réimsí na bainte boige agus an rialaithe teochta.

Is léiriú í an úire ar leith a bhaineann le fíonta an TGFC 'Côtes de Thau' ar an aeráid faoi leith a fhaightear thart timpeall Mhurlach Thau. Téann siad go hiontach maith, dá bhrí sin, le bia mara na háite.

Ina dhiaidh sin, d'éirigh leis na fíonsaothraithe iad féin a chur in oiriúint don éileamh ó lasmuigh d'abhantrach Thau, trí roinnt mhaith fíonta dearga agus fíonta *rosé* a tháirgeadh freisin.

Tá siad tiomanta freisin do bhithéagsúlacht an-suntasach a réigiúin a chaomhnú trí theicnící iomchuí. Glacann siad páirt i Scéim Abhantrach Thau a bhunaigh na húdaráis náisiúnta agus áitiúla le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach.

Is timpeallacht chasta agus tharraingteach í Murlach Thau. Mar sin, is bunús den scoth é chun oideachas ceart a fháil i gcúrsaí comhshaoil. Cuireann na fíonsaothraithe iad féin in oiriúint do na ceisteanna sin trí chleachtais a fhorbairt lena léirítear meas ar an mbithéagsúlacht thart timpeall orthu.

Meallann an murlach a lán turasóirí. Is féidir snámh, tabhairt faoi spóirt uisce, iascaireacht, siúlóidí téamacha, cuairteanna ar láithreáin dobharshaothraithe sliogéisc ann agus is ann do Cap d'Agde, ceantar a mheallann na céadta míle turasóirí gach bliain. Is tosca móra iad sin i gcáil fhíonta 'Côtes de Thau'.

Tá dlúthbhaint ag na ceisteanna sin le todhchaí an fhíonsaothraithe. Tá na déantóirí fíona ann a bhuí leis an nasc an-láidir atá acu le hAbhantrach Thau. Is é cosaint na timpeallachta luachmhaire sin an bunús ar ar forbraíodh an TGFC agus ar bunaíodh a cháil sa suíomh saibhir casta sin.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

An limistéar i ndlúthghaireacht, ina bhféadfar, de mhaolú, an fhíonóireacht agus na fíonta a tháirgeadh, ar fíonta iad a bhaineann leas as an tásc geografach faoi chosaint 'Côtes de Thau', áirítear ann na bardais seo a leanas atá taobh leis an limistéar geografach: Montagnac, Saint Pons de Mauchiens, Saint Pargoire, Plaissan, Cournonterral, Montbazin, Gigean, Vic la Gardiole, Saint Thibery, Pézenas, Nézignan l'Evèque, Bessan, Vias, Aumes agus Cazouls d'Hérault.

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Féadfar na téarmaí 'primeur' [luath] nó 'nouveau' [nua] a chur leis an tásc geografach faoi chosaint 'Côtes de Thau'.

Nuair a chuirtear an téarma traidisiúnta Vin de pays in ionad an téarma indication géographique protégée [tásc geografach faoi chosaint], ní mór lógó TGFC an Aontais Eorpaigh a bheith ar an lipéad.

Féadfar ainm cineáil fíniúna amháin nó níos mó a chur leis an tásc geografach faoi chosaint 'Côtes de Thau'.

I gcás nach bhfuil ann ach ainm an chineáil fíniúna 'Piquepoul', ní féidir é a chur ach díreach faoi ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Côtes de Thau. Níor cheart méid na litreacha a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná leath de mhéid na litreacha a úsáidtear le haghaidh ainm an TGFC.

Féadfar aonad geografach níos lú mar atá 'Cap d'Agde' a chur leis an tásc geografach faoi chosaint 'Côtes de Thau'.

Ní bheidh toisí litreacha ainm an aonaid gheografaigh níos lú mar atá 'Cap d'Agde' níos mó ná méid na litreacha ina scríobhtar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Côtes de Thau', ó thaobh airde ná leithid de.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-2be0b2aa-19dd-4eb7-aa62-96e0946c763a